
CEACHT 33

# AG CRUINNIÚ BLÁTHANNA




**Agallamh**

BRÍD: Cén t-ainm atá ar an (Cad is ainm don) mbláth sin, a aintín?
AINTÍN: Sin nóinín, a Bhríd. Tá a lán nóiníní ag fás anseo.
BRÍD: Is maith liom an bláth buí sin.
AINTÍN: Sin fearbán (Cam an ime).*
BRÍD: Nach deas iad na cloigíní gorma seo?
AINTÍN: Is deas, go deimhin. Cruinnigh iad, más é do thoil é.
BRÍD: Beidh na bláthanna go hálainn ar an altóir.

**Cuntas Reatha**

Chuaigh siad abhaile. Chuir siad na bláthanna ar an altóir. Ansin dúirt siad paidir.

**Pictiúr: Radharc:**

Amuigh sa pháirc, an ghrian ag taitneamh sa spéir, Bríd agus a haintín ag siúl, bláthanna le cur i láimh Bhríde, cama an ime (fearbán), nóiníní, cloigíní gorma le feiceáil, a lán nóiníní; ansin Bríd agus a haintín ar a nglúine ag an altóir sa bhaile; na bláthanna ar an altóir. Ciorcal cainte agus comhartha ceiste. Pictiúir de bhláthanna eile.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

**Cuntas Reatha**

Lá breá samhraidh a bhí ann. Bhí Bríd ag cruinniú bláthanna don altóir.

## CÉIM 2. AITHRIS

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

**(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);**

**(b) Spreagthaigh chluas:**

Cén sórt lae a bhí ann?
Céard a bhí Bríd a dhéanamh?

Ceist agat, a "Bhríd", faoin mbláth sin?
Inis di, a "aintín".
Níl mórán nóiníní ag fás anseo?
An maith leat an bláth sin, a "Bhríd"?
Céard is ainm dó, a "aintín"?
Céard faoi na bláthanna gorma, a "Bhríd"?

---

*D'fhéadfaí ainmneacha bláthanna eile a thabhairt isteach anseo freisin.

Freagair í, a "aintín".
Abair léi iad a chruinniú.
An mbeidh siad go deas, a "Bhríd"?

Cá ndeachaigh siad ansin?
Céard a rinne siad?
Agus ansin?

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Cén t-ainm atá *ar an* (Cad is ainm don) *mbláth sin*?
   (*buachaill, cailín, mise, tusa, eisean, ise*).
2. Is maith *liom* an bláth buí sin.
   (*mise, eisean, ise, iadsan, Seán*).
3. *Chuaigh* siad abhaile.
   (*amárach, gach lá, anois;* ní, an?: *amárach, inné*).
4. *Dúirt* siad paidir.
   (*anois, amárach, gach lá;* ní, an?: *inné, amárach*).

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   "*Thug Máire bláthanna ar scoil. Fuair sí próca . . .*"
3. Scéal eile:
   "*Is nóinín mise. Bhí mé ag fás sa pháirc. Tháinig Bríd agus a haintín . . .*"
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Cluiche:

   Páistí mar bhláthanna, fiaile amháin feoite ag an múinteoir, droim páiste amháin X leis an rang. Téann X timpeall ag féachaint ar na bláthanna agus ag cur na ceiste *Cén t-ainm atá ort, a bhláth*? Faigheann sé freagraí éagsúla ach nuair a deir páiste *Is fiaile mé* ritheann sé agus ritheann X ina dhiaidh ag iarraidh breith air.

**Rann Ceoil** (An ceol ar théip)
nó *Nóiníní Bána* as *Trup, Trup, a Chapaillín*

I

Féach ar na bláthanna ag fás ar an gclaí
Nóiníní geala is fearbáin bhuí
Nóiníní geala is fearbáin bhuí
Ag fás, ag fás ar an gclaí.

II

Féach ar na bláthanna ag fás ins an díog
Cloigíní gorma is sabhaircíní
Cloigíní gorma is sabhaircíní
Ag fás, ag fás ins an díog.